Comhairle d'oibrithe cabhrach daonnúla atá tar éis filleadh abhaile

Ag brath ar an gcineál oibre a rinne tú agus cabhair dhaonnúil á cur ar fáil agat i dtír atá buailte le víreas Ebola, d'fhéadfadh gur ghá monatóireacht a dhéanamh ort ar feadh tréimhse 21 lá tar éis duit filleadh abhaile. Déan teagmháil leis an Rannóg Sláinte Poiblí is gaire ar fhilleadh duit. Is féidir sonraí a fháil ar shuíomh Gréasáin an Ionaid Faireachais um Chosaint Sláinte (HPSC) ag: **www.hpsc.ie**

@hpscireland

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

hpsc

Tá tuilleadh faisnéise faoi víreas Ebola ar fáil ar shuíomh Gréasáin an HPSC ag

WWW.HPSC.IE

An bhfuil tú ag filleadh as an Afraic Thiar?

VÍREAS EBOLA

Faisnéis thábhachtach faoi víreas Ebola

Tá mór-ráig víreas Ebola ar siúl i roinnt tíortha san Afraic Thiar faoi láthair

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

hpsc

Cad is víreas Ebola ann?

Dianghalar tógálach a bhíonn marfach i mórán cásanna is ea víreas Ebola. Leatar é trí theagmháil dhíreach leis an bhfuil nó le sreabháin choirp eile (amhail faecas, seile, fual, aiseag agus seamhan) nó trí dhuine a bhfuil víreas Ebola air/uirthi. Is féidir é a leathadh freisin trí theagmháil dhíreach le nithe atá éillithe le fuil nó le sreabháin choirp as duine breoite nó trí theagmháil dhíreach le hainmhithe ionfhabhtaithe.

Murab ionann agus fliú, **ní leatar é tríd an aer.**

Ní féidir le daoine nach bhfuil comharthaí víreas Ebola orthu an galar a leathadh chuig daoine eile.

Is idir 2 lá agus 21 lá a mhaireann an tréimhse ghoir – is é sin, an t-am idir teagmháil leis an duine ionfhabhtaithe agus an t-am a thagann comharthaí chun cinn.



Cad iad na comharthaí a bhaineann le víreas Ebola?

- **fiabhras**
- **tromthinneas cinn**
- **pian sna matáin**
- **urlacan**
- **buinneach**
- **pian sa ghoile**
- **brú craicinn nó fuiliú gan mhíniú**

Comhairle do thaistealaithe atá tar éis filleadh as tír atá buailte le víreas Ebola san Afraic Thiar

Tá riosca íseal ann gur nochtadh tú do víreas Ebola.

Má d'fhág tú ceantar atá buailte le víreas Ebola, áfach, ba cheart duit bheith san airdeall ar na nithe seo a leanas laistigh de 21 lá (3 seachtaine) ón gceantar sin a fhágáil: **fiabhras, tromthinneas cinn, pian sna matáin, urlacan, buinneach, pian sa ghoile, agus brú craicinn nó fuiliú gan mhíniú**.



Má tá ceann ar bith de na comharthaí sin ort:

- Déan teagmháil le dochtúir go práinneach **TRÍD AN TEILEAFÓN**
- Inis don dochtúir go bhfuil tú tar éis filleadh as tír atá buailte le víreas Ebola
- Inis don dochtúir go raibh tú i dteagmháil dhíreach le daoine breoite nó le daoine marbha agus tú ann
- Déan tú féin a scaradh nó a scoitheadh ó dhaoine eile go dtí go ndéanfar measúnú míochaine ort

D'fhéadfadh na comharthaí sin teacht as galar ar nós maláire, rud ar gá imscrúdú agus cóireáil láithreach a dhéanamh orthu freisin.